Círéibeacha i mBaile Átha Cliath

Leibhéal B2

A: MACHNAMH

Beidh tú ag féachaint ar ball ar mhír faoi chíréibeacha a tharla i lár Chathair Bhaile Átha Cliath an tseachtain seo caite. Pléigh na ceisteanna thíos leis an duine in aice leat:

Cad atá ar eolas agat faoin trioblóid a tharla sa phríomhchathair an tseachtain seo caite?

Cad é an nuacht is déanaí faoin scéal?

Cá raibh tú nuair a bhí na círéibeacha ag tarlú?

Cad a mhothaíonn tú nuair a fheiceann tú an méid a tharla an oíche sin ar na meáin?

B: FOCLÓIR

1. Beidh na focail thíos le cloisteáil sa mhír ar ball. An féidir leat na leaganacha Gaeilge a aimsiú anois sula bhféachfaidh tú ar an mír? Bain úsáid as www.focloir.ie chun cuidiú leat, más gá.

clean-up work:	_____
looting:	_____
agitated:	_____
extremists:	_____
right-wing:	_____
chairperson:	_____
to predict:	_____
review:	_____
deal with:	_____
minder:	_____

2. Féach ar an mír den chéad uair. An raibh na focail chéanna agat féin?

3. Cad is brí leis an bhfrása seo – ‘níor loic na Gardaí ar an bpobal’?

4. Bhain Aodhán Ó Ríordáin úsáid as focal eile ar ‘iontas’. Cad é?

5. Cén Ghaeilge atá ar na briathra ‘*stab’* agus ‘*burn”*?

C: TUISCINT

Bí ag obair leis an duine in aice leat. Féachaigí ar an mír arís agus freagraígí na ceisteanna thíos le chéile:

1. Cén áit go díreach ar tharla an trioblóid?

2. Cén eachtra a spreag na círéibeacha?

3. Cé a mheastar ba chiontaí leis na círéibeacha?

4. Cén damáiste a rinneadh go díreach?

5. Cén fáth ar luadh na siopaí – *Arnotts*, *Footlocker* agus *JD Sports*?

6. Cad a bhí le rá ag na daoine seo a leanas:

   Stiofán Ó Troithi

   Drew Harris

   Joe Costello

   Aodhán Ó Ríordáin

7. Cén t-eolas a tugadh sa mhír faoi na daoine bochta a ndearnadh ionsaí orthu taobh amuigh de Ghaelscoil?

Cuir do chuid freagraí i gcompáraid le freagraí an duine in aice leat.

D: FEASACHT TEANGA

1: Cruinneas gramadaí (na saorbhriathra)

Is minic a úsáidtear an saorbhriathar i míreanna nuachta. Athraigh na briathra thíos ón aimsir chaite go dtí an saorbhriathar san aimsir chaite. Bí cúramach! Baineann an saorbhriathar le gníomh agus ní luaitear gníomhaí nó 'duine' leis. Bí cinnte nach bhfuil aon ghníomhaí sna habairtí a chumann tú. Féach ar an sampla:

Dhóigh **na círéibeoirí** busanna chomh maith le tram.
Dódh busanna chomh maith le tram.

a) Rinne na círéibeoirí damáiste mór d'ocht ngluaisteán agus veain.
_____

b) D'ionsaigh creachadóirí a lán siopaí.
_____

c) Dhírigh na círéibeoirí a n-ionsaithe ar na Gardaí.
_____

d) Ghortaigh na círéibeoirí Garda amháin go holc.
_____

e) Sháigh fear páistí óga agus feighlí linbh taobh amuigh de Choláiste Mhuire.
_____

2: Saibhreas teanga (briathra frásacha)

a) Tá na briathra frásacha chomh tábhachtach céanna i nGaeilge is atá siad i mBéarla. Cad is brí leis an gceann seo a bhí sa mhír?

tabhair faoi

b) Cuir na cinn eile seo in abairtí lena mbrí a léiriú:

tabhair amach, tabhair ar, cuir as (do), cuir faoi

c) Agus cad is brí leis an seanfhocal seo:

Ná bain don rud nach mbaineann leat!

E: CUMARSÁID

1: Caint

Pléigh na ceisteanna seo leis na daoine eile i do ghrúpa:

a) An gcaitheann na hÉireannaigh go maith le hinimircigh, dar leat?
b) An fadhb é an ciníochas i sochaí na hÉireann, dar leat?
c) An bhfuil cathracha móra na hÉireann sábháilte sa lá atá inniu ann, dar leat? Cén fáth?
d) Ar cheart go mbeadh gunnaí ag na Gardaí?
e) Deir an Páirtí Glas gur bagairt mhór ar dhaonlathas na hÉireann é trolláil ar na meáin shóisialta agus scaipeadh bréagnuachta go ginearálta. An aontaíonn tú leis an ráiteas sin? Cén fáth?
f) An raibh baint ag bréagnuacht nó bréagaisnéis (*disinformation*) leis na círéibeacha a tharla i mBaile Átha Cliath an tseachtain seo caite, dar leat?
g) An sochaí chothrom í sochaí na hÉireann?

2: Scríobh

Roghnaigh ceann amháin de na ceisteanna thuas agus scríobh alt gearr faoi na tuairimí atá agat faoin gceist sin. Léigh d'alt amach don rang iomlán ansin.

AN SCRIPT

Peadar Mac Gaoithín
Bhí obair ghlantacháin ar siúl ar feadh an lae ar Shráid Uí Chonaill agus an ceantar thart air i ndiaidh chíréibeacha na hoíche aréir i lár na príomhchathrach. Dódh busanna – chomh maith le tram – agus rinneadh damáiste mhór[1] d'ocht ngluaisteán agus veain de chuid na nGardaí.

Feiceann tú cuid den damáiste a rinneadh anseo i lár Bhaile Átha Cliath aréir. Ar an leoraí taobh thiar díom, sin an méid atá fágtha de dhá bhus de chuid Bhus Átha Cliath. Agus tá an bus eile taobh thiar de dóite chomh maith.

Ionsaíodh agus rinneadh creachadóireacht ar thrí shiopa dhéag, ina measc *Arnotts*, *Footlocker* agus *JD Sports*. Díríodh ar Ghardaí agus gortaíodh Garda amháin go holc. Bhí daoine corraithe faoin ionsaí agus táthar den bharúil gur antoiscigh ón eite dheas a spreag an foréigean[2].

Stiofán Ó Troithi, Siopa Búistéara Troy, Sráid an Mhúraigh
Is mise cathaoirleach an ghrúpa gnó anseo sa chathair. Tá an-díomá ar an ngrúpa gnó faoi cad a tharla aréir sa chathair. Is lá brónach é i mBaile Átha Cliath agus tá gnóthaí trína chéile.

Peadar Mac Gaoithín
Dúirt Coimisinéir na nGardaí, Drew Harris, nár loic na Gardaí ar an phobal agus nach bhféadfaí círéibeacha den scála seo a thuar. Caithfear tabhairt faoi athbhreithniú, mar sin féin, a dúirt sé, ar an dóigh a dtéann Gardaí i ngleic le heachtraí mar seo.

Joe Costello, iarbhall de Choiste Póilíneachta Átha Cliath
Ceapaim féin go bhfuil gá le níos mó Gardaí, go bhfuil gá le níos mó traenála agus go mór mór, tá gá le níos mó eolais faoi na daoine atá ag déanamh na trioblóide seo.

Aodhán Ó Ríordáin TD, Páirtí an Lucht Oibre
Tá an-chuid agóidí le roinnt míonna anuas agus é sin measctha leis an deacracht atá ag na Gardaí ó thaobh uimhreacha de, is léir go raibh, b'fhéidir, go raibh sé seo ag teacht agus ní dóigh liom go bhfuil ionadh orm, cé go bhfuil mé croíbhriste.

Peadar Mac Gaoithín
Tá cailín, cúig bliana d'aois, a sádh taobh amuigh de Ghaelscoil Choláiste Mhuire ar Chearnóg Parnell Thoir san eachtra a spreag an foréigean ar fad inné an-dona tinn san ospidéal go fóill. Gortaíodh beirt pháistí eile agus an bhean a bhí i bhfeighil orthu nuair a d'ionsaigh fear iad taobh amuigh den naíolann atá bainteach leis an scoil ag am lóin. Tá obráid le cur ar dhuine de na páistí agus tá an feighlí go dona tinn.

[1] damáiste (bn) m**h**ór = leagan canúnach de 'damáiste (fir) mór'
[2] an fhoréigean (bn) = leagan canúnach de 'an foréigean (fir)'

NÓTAÍ & FREAGRAÍ

A: MACHNAMH

Réamhchleachtadh 1:

Cleachtadh gearr cainte é seo chun tús a chur le rang bríomhar ina mbeidh na foghlaimeoirí ag féachaint ar mhír nuachta, ag déanamh cleachtaí cluastuisceana agus ag comhrá faoi thopaic a bhaineann leis an mír ansin. Tabhair deis do na foghlaimeoirí na ceisteanna a phlé le chéile. Pléigh na ceisteanna leis an rang iomlán ansin.

B: FOCLÓIR

1. An stór focal:

clean-up work	obair ghlantacháin
looting	creachadóireacht
agitated	corraithe
extremists	antoiscigh
right-wing	eite dheas
chairperson	cathaoirleach
to predict	a thuar
review	athbhreithniú
deal with	(téigh) i ngleic le
minder	feighlí

2. *The Gardaí didn't fail/let down the public*.
3. Ionadh.
4. *Stab* – sáigh; *burn* – dóigh.

C: TUISCINT

Féach ar an script.

D: FEASACHT TEANGA

1: Cruinneas gramadaí (na saorbhriathra)

a) Rinne na círéibeoirí damáiste mór d'ocht ngluaisteán agus veain.
Rinneadh damáiste mór d'ocht ngluaisteán agus veain.
b) D'ionsaigh creachadóirí a lán siopaí.
Ionsaíodh a lán siopaí.
c) Dhírigh na círéibeoirí a n-ionsaithe ar na Gardaí.
Díríodh a n-ionsaithe ar na Gardaí.
d) Ghortaigh na círéibeoirí Garda amháin go holc.
Gortaíodh Garda amháin go holc.
e) Sháigh fear páistí óga agus feighlí linbh taobh amuigh de Choláiste Mhuire.
Sádh páistí óga agus feighlí linbh taobh amuigh de Choláiste Mhuire.

2: Saibhreas teanga (briathra frásacha)

Mínigh do na foghlaimeoirí go mbíonn bunbhrí ag na briathra frásacha go minic (féach na haistriúcháin idir lúibíní thíos) agus go mbíonn brí nathach acu freisin. Is í an bhrí nathach atá i gceist sa ghníomhaíocht seo.

a) Tabhair faoi – *(bring under) attempt, undertake, set about.*
b) Tabhair amach – *(give out) scold, give out*; tabhair ar – *compel, make someone do something*; cuir as – (*put out of) disconcert, bother;* cuir faoi – *(put under) settle down.*
c) Don't interfere with what does not concern you.

E. Cumarsáid

1: Caint

Tabhair deis do gach grúpa na ceisteanna a phlé le chéile ar dtús, sula bpléifidh tusa na ceisteanna leis an rang iomlán.

2: Scríobh

Abair leo alt gearr a scríobh faoi na tuairimí atá acu faoi cheist amháin faoi **Caint**. Iarr orthu an méid a scríobh siad a léamh amach don rang ansin.

Curtha ar fáil ag Ollscoil Mhá Nuad, Ollscoil na hÉireann Má Nuad | Lárionad na Gaeilge, Taighde, Teagasc & Tástáil
le tacaíocht ó An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta | An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán, Department of Tourism, Culture, Arts, Gaeltacht, Sport and Media | TG4